AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.3.2024
COM(2024) 122 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN

Tuarascáil ón gCoimisiún faoi Airteagal 12(3) de Rialachán (AE) 2019/631 maidir le héabhlóid na bearna fíorshonraí ar astaíochtaí CO2 i gcás gluaisteán agus feithiclí tráchtála éadroma agus ina bhfuil tacair fíorshonraí atá anaithnidithe agus comhiomlánaithe dá dtagraíear in Airteagal 12 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/392 ón gCoimisiún

{SWD(2024) 59 final}

1. RÉAMHRÁ

Tá iompar de bhóthar freagrach as thart ar aon chúigiú d'astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais Eorpaigh (AE). Laistigh d'astaíochtaí iompair de bhóthar, tá feithiclí saothair éadroim (gluaisteáin phaisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma) freagrach as thart ar 70 % den iomlán ([1]).

Chun aeráidneodracht a bhaint amach san Aontas faoi 2050, éilítear leis an gComhaontú Glas don Eoraip([2]) laghdú 90 % a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó iompar i gcomparáid le leibhéil 1990. Tá Rialachán (AE) 2019/631 ([3]) , ina leagtar amach na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO_2 le haghaidh feithiclí nua saothair éadroim, ar cheann de na príomhionstraimí beartais a cuireadh i bhfeidhm chun an sprioc sin a bhaint amach.

Úsáidtear luachanna oifigiúla astaíochta CO_2 ó fheithiclí, arna gcinneadh le linn cineálcheadaithe, chun a chinneadh an gcomhlíonann monaróirí na spriocanna faoin Rialachán. Dá réir sin, braitheann éifeachtacht na spriocanna sin maidir le hastaíochtaí CO_2 a laghdú, chomh maith le stóinseacht an chórais faireacháin ar astaíochtaí CO_2, ar cé chomh maith agus a dhéanann na luachanna tástála oifigiúla sin ionadaíochas le haghaidh 'fhíorastaíochtaí' na bhfeithiclí ar na bóithre. Tá an t-ionadaíochas sin tábhachtach do shláine chomhshaoil, trédhearcacht agus iontaofacht an chórais faireacháin, agus dá bhrí sin do mhuinín na dtomhaltóirí freisin.

Cuireadh roinnt beart i bhfeidhm le blianta beaga anuas lena áirithiú go dtiocfaidh luachanna tástála chomh gar agus is féidir don saol mar atá. In 2017, tugadh isteach nós imeachta tástála comhchuibhithe domhanda d'fheithiclí éadroma (WLTP) ([4]), a dearadh chun dálaí fíorastaíochtaí a léiriú ar bhealach níos fearr. Mar chuid de na nósanna imeachta nua, ní mór feistí ar bord lena ndéantar faireachán ar ídiú breosla ('feistí OBFCM') a fheistiú ar fheithiclí nua. Tá feidhm ag an gceanglas seo maidir le feithiclí nua M1 (gluaisteáin) atá cláraíodh ó bhí 2021 ann agus feithiclí (veaineanna) nua N1 atá cláraithe ó bhí 2022 ann. Ina theannta sin, le Rialachán (AE) 2019/631, tugadh isteach ceanglas ar údaráis náisiúnta cruinneas luachanna oifigiúla WLTP CO_2 a fhíorú trí fheithiclí atá i seirbhíse cheana féin a thástáil, i.e. feithiclí a úsáidtear ar na bóithre.

Le Rialachán (AE) 2019/631 cuireadh de chúram ar an gCoimisiún freisin faireachán a dhéanamh ar 'fhíorastaíochtaí' CO_2 na bhfeithiclí ar an mbóthar, ag baint úsáid as na sonraí

([1]) https://www.eea.europa.eu/data-and-maps/data/data-viewers/greenhouse-gases-viewer

([2]) COM/2019/640 final, 11.12.2019

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO2 do ghluaisteáin nua paisinéirí agus d'fheithiclí tráchtála éadroma, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 443/2009 agus Rialachán (AE) Uimh. 510/2011 (IO L 111, 25.4.2019, lch. 13).

([4]) Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2017 lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus faoi chothabháil feithiclí, lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón gCoimisiún agus Rialachán (AE) Uimh. 1230/2012 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón gCoimisiún (IO L 175, 7.7.2017, lch. 1)

a léadh amach ó na feistí OBFCM, agus á gcur i gcomparáid leis na sonraí oifigiúla comhfhreagracha WLTP([5]).

Is í an tuarascáil seo an chéad tuarascáil ar chur chun feidhme an fhaireacháin sin ar 'fhíorastaíochtaí' CO_2 , ag díriú ar shonraí a tuairiscíodh in 2022, le haghaidh feithiclí a cláraíodh den chéad uair in 2021. Tugadh na sonraí oifigiúla WLTP a úsáideadh don chomparáid chun críche agus glacadh iad i mí Lúnasa 2023 ([6]).

Cuimsítear sa tuarascáil seo forléargas ar na sonraí a fhaigheann agus a phróiseálann an Coimisiún (Roinn 2), príomhthorthaí na hanailíse (Roinn 3), measúnú ar an dóigh a bhféadfar na fíorshonraí a úsáid amach anseo (Roinn 4), agus na conclúidí is féidir a bhaint amach ag an gcéim seo (Roinn 5).

Leagtar amach sa Doiciméad Inmheánach Oibre([7]) a ghabhann leis an tuarascáil seo an mhodheolaíocht a úsáidtear chun na fíorshonraí a phróiseáil agus a anailísiú agus cuimsítear torthaí níos mionsonraithe ann. Ina theannta sin, tá an chéad cheann de na tacair sonraí bhliantúla anaithnidithe agus chomhiomlánaithe in aghaidh an mhonaróra atá ina bhonn don Choimisiún chun faireachán a dhéanamh ar an mbearna idir WLTP agus fíorluachanna ([8]) .

2. TACAR SONRAÍ

2.1. Foinsí sonraí agus próiseáil sonraí

De réir Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/392, ní mór do mhonaróirí feithiclí agus do na Ballstáit fíorshonraí a bhailiú agus a thuairisciú don Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA). Féadfaidh monaróirí brath ar aistriú sonraí thar an líonra go díreach ón bhfeithicil nó na sonraí sin a bhailiú trína ndéileálaithe nó trína ndeisitheoirí údaraithe nuair a thabharfar feithiclí isteach lena seirbhísiú nó lena ndeisiú. Ceanglaíodh ar na Ballstáit na fíorshonraí a bhailiú le linn tástálacha ródacmhainneachta ón 20 Bealtaine 2023.

Tá an chéad tuarascáil seo bunaithe ar na fíorshonraí a bhailigh monaróirí feithiclí le linn 2021 ar a ngluaisteáin agus ar a veaineanna ar a bhfuil feistí OBFCM feistithe. Fuarthas fíorshonraí le haghaidh 988,231 feithicil as 9,821,479 feithicil ar an iomlán a

([5]) Leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/392 ón gCoimisiún (IO L 77, 5.3.2021, lch. 8) na nósanna imeachta chun na 'fíorshonraí' sin a bhailiú agus a thuairisciú agus chun iad a chur i gcomparáid le sonraí comhfhreagracha WLTP.

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1623 ón gCoimisiún an 3 Lúnasa 2023 lena sonraítear na luachanna maidir le feidhmíocht na monaróirí agus díormaí monaróirí gluaisteán nua paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma nua le haghaidh na bliana féilire 2021, agus lena sonraítear chomh maith na luachanna atá le húsáid chun na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha ó 2025 ar aghaidh a ríomh, de bhun Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena gceartaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2087 (IO L 111, 25.4.2019, lch. 13.)

([7]) SWD(2024) 59

([8]) I gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/392.

cláraíodh den chéad uair in 2021 san Aontas, san Íoslainn nó san Iorua([9]). Áiríodh leis sin 916,216 gluaisteán agus 12,301 veain ([10]) , a chomhfhreagraíonn do 10,6 % agus 1,0 %, faoi seach, de na feithiclí sin a cláraíodh den chéad uair in 2021 ([11]).

Sula ndearnadh anailís orthu, rinneadh na sonraí a phróiseáil agus a chomhiomlánú i gcéimeanna éagsúla. Baineadh sonraí neamhionadaíocha, sonraí neamhréireacha, asluiteoirí agus feithiclí lasmuigh den raon feidhme. Go háirithe, rinneadh feithiclí le míleáiste faoi bhun 500 km a scagadh amach, rud a bhain 27 % de ghluaisteáin sa tacar sonraí. Ar an iomlán, coinníodh 63 % de na feithiclí tuairiscithe sa tacar sonraí deiridh. Tá tuilleadh sonraí maidir leis an bpróiseas le fáil sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis.

2.2. Tacar fíorshonraí deiridh 2021

Cuirtear an tacar sonraí deiridh, a úsáideadh le haghaidh na ríomhanna breise, i láthair i *dTábla 1* thíos. Cuimsítear leis 617,194 gluaisteán (7,2 % de ghluaisteáin a cláraíodh den chéad uair in 2021) agus 6667 veain (0,6 % de veaineanna a cláraíodh den chéad uair in 2021).

Ar an iomlán, níor thuairiscigh ach líon beag monaróirí sonraí ó sciar suntasach dá bhfeithiclí a cláraíodh in 2021. Beidh gá le hiarrachtaí breise ó mhonaróirí chun feabhas suntasach a chur ar chumhdach an fhlít sna blianta amach romhainn. Cé gur leor an tacar sonraí sin maidir le gluaisteáin chun réamhchonclúidí a dhéanamh, bhí dáileadh míchothrom idir sonraí arna gcur i láthair ag monaróirí (féach Roinn 3.2.1). Maidir le veaineanna, tá cumhdach an fhlít an-teoranta, arb é an míniú air sin nach gceanglaítear ar veaineanna Aicme II agus III (i.e. na cinn atá níos troime ná 1 305 kg), lena mbaineann formhór mór an fhlít, ach feistí OBFCM a bheith orthu amhail ó 2022. Dá réir sin, ní féidir a mheas go bhfuil an tacar fíorshonraí do veaineanna ionadaíoch do chlárúcháin 2021, agus ní dhírítear anailís na tuarascála seo ach ar ghluaisteáin, agus ar ghluaisteáin amháin.

I measc na ngluaisteán, na bhfeithiclí leictreacha díosail agus na bhfeithicil hibrideacha inluchtaithe, baineann siad le sciar níos airde de na fíorshonraí ná mar a bhain le clárúcháin fhoriomlána 2021. Dá bhrí sin, déantar tuilleadh ríomhanna agus anailísí ar bhearnaí maidir le gach cineál gléasra cumhachta/cineál breosla.

Tábla1: Tacar fíorshonraí deiridh

Cineál gléasra cumhachta/cineál breosla	An líon feithiclí a tuairiscíodh	An líon feithiclí i ndiaidh próiseála	Iomlán na gclárúchán in 2021 de réir cineál gléasra	Sciar na gclárúchán in 2021 a coinníodh in

([9]) Ní áirítear ar líon iomlán na ngluaisteán agus na veaineanna nua dá dtagraítear feithiclí atá lasmuigh den raon feidhme OBFCM (feithiclí lánleictreacha, feithiclí breosla-chille leictreacha, feithiclí gáis nádúrtha), agus feithiclí E85.

([10]) Níorbh fhéidir 59,714 feithicil a mheaitseáil le sonraí WLTP 2021.

([11]) Baileoidh monaróirí sonraí thar an líonra trí aistriú díreach sonraí ón bhfeithicil, nó, i gcás nach mbaileofar sonraí ar an dóigh sin, baileofar sonraí gach uair a thabharfar an fheithicil isteach lena seirbhísiú nó lena deisiú, mura rud é go ndiúltóidh úinéir na feithicle go sainráite na sonraí sin a chur ar fáil. Féach freisin alt 3.2.1.

		(% coinnithe)	cumhachta/cineál breosla	aghaidh an chineáil gléasra cumhachta/an chineáil breosla
Gluaisteáin				
Peitreal	391 329	274 451 (70.1%)	5,495,708	5,0 %
Díosal	301 995	219 003 (72.5%)	2 229 388	9,8 %
E85	2 084	0	6 026	0 %
Breoslaí eile	697	0	215 798	0 %
Feithicil hibrideach inluchtaithe (peitreal)	191 197	98 847 (51.7%)	848 251	11,7 %
Feithicil hibrideach inluchtaithe (díosal)	28 914	24 893 (86.1%)	55 805	44,6 %
IOMLÁN gluaisteáin	***916 216***	***617 194 (67.4%)***	***8 629 152***	***7,2 %***
Veaineanna				
Peitreal	1 891	988 (52.3%)	44 475	2,2 %
Díosal	10 053	5 593 (55.6%)	1 139 405	0,5 %
Breoslaí eile	30	0	58 488	0 %
Feithicil hibrideach inluchtaithe (peitreal)	326	86 (25.8%)	1 501	5,7 %
Feithicil hibrideach inluchtaithe (díosal)	1	0	4	0 %
IOMLÁN veain	***12 301***	***6 667 (54.2%)***	***1 185 385***	***0.6 %***

2.3. Ionadaíochas an tacair fíorshonraí deiridh 2021

Lena mheas an bhfuil na gluaisteáin a chumhdaítear le tacar fíorshonraí deiridh 2021 ionadaíoch do na feithiclí a cláraíodh den chéad uair in 2021 in aghaidh an chineáil gléasra cumhachta/an chineáil breosla), déantar comparáid idir a meánastaíochtaí agus a meánmhais WLTP CO_2, mar a thaispeántar in *Table 2*.

Léirítear leis sin, ar an meán, go bhfuil na gluaisteáin pheitril agus díosail sa tacar fíorshonraí thart ar 7 % níos troime ná an meánghluaisteán nua a cláraíodh in 2021, agus go bhfuil a n-astaíochtaí WLTP CO_2 thart ar 6-8 % níos airde. Breathnaítear treocht den chineál céanna le haghaidh gluaisteáin hibrideacha inluchtaithe peitril. D'fhéadfaí na torthaí a chlaonadh leis sin.

Is amhlaidh sin mar go raibh feithiclí ó líon níos lú monaróirí i gceist le tacar fíorshonraí 2021 den chuid ba mhó (féach Roinn 3.2.1), a bhfuil cumais thar an líonra ag baint le go leor acu lena n-éascaítear sonraí a tharchur go díreach chuig na monaróirí. In 2021, bhí feithiclí dá leithéid curtha i láthair ar bhealach níos feiceálaí i ndeighleoga na bhflíteanna níos troime.

Tábla 2: Ionadaíochas an tacair fíorshonraí i gcomparáid leis na feithiclí a cláraíodh den chéad uair in 2021 (gluaisteáin) ([12])

Cineál gléasra cumhachta/cineál breosla	**Meánastaíochtaí WLTP CO_2 (g CO_2/km)**		**Meánmhais in ord reatha (kg)**	
	tacar fíorshonraí	na chéad chlárúcháin in 2021	tacar fíorshonraí	na chéad chlárúcháin in 2021
Peitreal	145,0	134,8	1 404	1 317
Díosal	153,0	144,7	1 747	1 627
Peitreal + Díosal	148,5	137,7	1 554	1 407
Feithicil hibrideach inluchtaithe (peitreal)	40,3	37,7	1 955	1 899
Feithicil hibrideach inluchtaithe (díosal)	37,2	37,2	2 281	2 291
Feithicil hibrideach inluchtaithe (uile)	39,6	37,7	2 021	1 923

3. TORTHAÍ

Déantar na meán-fhíorastaíochtaí agus astaíochtaí WLTP CO_2 agus an t-ídiú breosla, chomh maith leis an mbearna idir na fíorluachanna agus na luachanna WLTP sin, a ríomh ar leibhéal an fhlít agus le haghaidh gach monaróra as féin.

Cuirtear an mhodheolaíocht um ríomh agus na torthaí i láthair ar bhealach níos mionsonraithe sa Doiciméad Inmheánach Oibre, a bhfuil na sonraí ann ar leibhéal na tíre

([12]) Féach nóta 9, leathanach 2.

freisin, chomh maith le faisnéis maidir le hídiú fuinnimh leictrigh na bhfeithiclí hibrideacha inluchtaithe.

3.1. Measúnú ar fud an fhlít ar mheánastaíochtaí CO_2, ídiú breosla agus an bhearna sna fíorluachanna

Table 3 achoimre ar na príomhthorthaí maidir le gluaisteáin. Taispeántar inti, maidir le gach grúpa de chineál gléasra cumhachta/de chineál breosla, na fíorshonraí ar mheánídiú breosla agus astaíochtaí CO_2, chomh maith leis na luachanna comhfhreagracha WLTP, agus an bhearna choibhneasta idir na meán-fhíorluachanna agus na luachanna WLTP sin. Maidir leis an mbearna, cuirtear an meán uimhríochtúil agus an meán ualaithe de réir km araon i láthair, toisc gur cheart go dtabharfaí léiriú níos fearr leis an meán ualaithe de réir km ar an ídiú breosla breise iomlán agus ar astaíochtaí CO_2 mar gheall ar an mbearna i bhfíorluachanna.

Tábla3: Meán-ídiú breosla agus ídiú breosla WLTP CO_2, agus an bhearna idir fíorluachanna agus luachanna WLTP (gluaisteáin)

	Meánídiú breosla (l/100 km)		**Meánastaíochtaí CO_2 (g/km)**		**Bearna (%) ([13])**	
Cineál gléasra cumhachta/cineál breosla	fíorluachanna	WLTP	fíorluachanna	WLTP	meán	meán ualaithe de réir km
Peitreal	7,89	6,38	179,8	145,3	23,7	20,4
Díosal	6,88	5,82	181,0	153,2	18,1	16,7
Peitreal + Díosal	7,44	6,13	180,3	148,8	21,2	18,1
Feithicil hibrideach inluchtaithe (peitreal)	5,97	1,76	135,9	40,2	238	251
Feithicil hibrideach inluchtaithe (díosal)	5,83	1,41	153,3	37,2	312	318
Feithicil hibrideach inluchtaithe (uile)	5,94	1,69	139,4	39,6	252	267

An chéad bhliain a úsáideadh iad, ba é 23,7 % (34,6 g CO_2/km) an meánbhearna fíorluachanna d'fheithiclí nua a cláraíodh in 2021 maidir le gluaisteáin pheitril agus 18.1 % (27,8 g CO_2/km) maidir le gluaisteáin díosail, rud a thug meánbhearna chomhcheangailte de 21,2 % (31,6 g CO_2/km). Tá na meánbhearnaí ualaithe de réir km beagán níos ísle: 20,4 % (30,4 g CO_2/km) maidir le gluaisteáin pheitril agus 16,7 % (25,3 g CO_2/km) maidir le gluaisteáin díosail.

Léirítear leis an mbearna sin a breathnaíodh maidir le clárúcháin 2021 go bhfuil an bhearna idir na fíorastaíochtaí agus na hastaíochtaí sin a thomhaistear trí thástáil saotharlainne

([13]) Sloinntear an bhearna anseo mar % de dhiall na bhfíorastaíochtaí CO_2 ón luach WLTP CO_2, i gcás ina léirítear le diall dearfach go bhfuil na fíorastaíochtaí CO_2 níos mó. Tá sé mar an gcéanna i gcás astaíochtaí CO_2 agus ídiú breosla araon, seachas i gcás na gcásanna ina gcomhcheanglaítear luachanna peitril agus díosail, i gcás ina dtaispeántar an bhearna CO_2.

laghdaithe faoina leath beagnach mar gheall ar an athrú ón sean-NEDC (Timthriall Tiomána Nua Eorpach) go dtí an nós imeachta tástála nua WLTP. Faoi 2017, an bhearna idir fíorastaíochtaí CO_2 agus astaíochtaí CO_2 arna dtomhas faoin nós imeachta NEDC, bhí sí méadaithe go dtí thart ar 40%([14]) . Spreagadh leis an mbearna sin atá ag méadú an t-athrú ó NEDC go WLTP, agus an ceanglas feistí OBFCM a fheistiú i bhfeithiclí.

Maidir leis na Measúnuithe Tionchair([15]) atá ina mbonn leis an athbhreithniú ar na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí CO_2 do ghluaisteáin agus do veaineanna, ghlac an Coimisiún leis go raibh na hastaíochtaí WLTP CO_2 ó ghluaisteáin innill dócháin 21 % níos airde ar an meán ná na hastaíochtaí sin a ríomhadh le NEDC, rud a deimhníodh níos déanaí le staidéar JRC([16]) . Tugtar le tuiscint leis an gcóimheas sin go bhfuil bearna astaíochtaí thart ar 16 % idir na fíorastaíochtaí agus na hastaíochtaí WLTP. Maidir leis an mbliain 2021, tá an bhearna a breathnaíodh comhoiriúnach leis an mbearna in 2021 a glacadh leis le haghaidh na Measúnuithe Tionchair. Bhí bearna den sórt sin réamh-mheasta, ós rud é go bhfuil tosca éagsúla ann a théann i gcion ar fhíorastaíochtaí nach féidir a mhacasamhlú go hiomlán i dtástáil saotharlainne.

Ciallaíonn an bhearna a breathnaíodh freisin go bhfuil na fíorshonraí ar ídiú breosla a bhíonn i gceist le tiománaithe fós 1-1,5 l/100km níos airde ar an meán ná an méid a léirítear ar na doiciméid oifigiúla.

Léiríodh le hanailís de réir maise, cé go bhfuil fíorbhearna idir 20-40 g CO_2/km ag baint le feithiclí peitril agus díosail níos éadroime, i gcás feithiclí troma, amhail SUVanna agus feithiclí sóchais, tá an bhearna 1,5-2,5 oiread níos mó, rud a chuireann lena n-astaíochtaí WLTP CO_2 atá níos airde cheana féin.


Maidir leis na gluaisteáin hibrideacha inluchtaithe nua a cláraíodh in 2021, ní raibh na meán-fhíorastaíochtaí CO_2 (139,5 g CO_2/km) ach 23 % níos ísle ná na gluaisteáin thraidisiúnta (180,3 g CO_2/km), agus 3,5 uaire (100 g CO_2/km) níos airde ná an méid a léiríodh leis an tástáil WLTP (39,5 g CO_2/km) – féach *Figure 1*. I gcás na bhfeithiclí sin, cuirtear san áireamh i ríomh a n-ídithe breosla WLTP agus astaíochtaí CO_2 fachtóir fóntais, arb é sin an sciar den achar a mheastar a thiomáintear i mód leictreach. Ar an mbóthar, braithfidh astaíochtaí CO_2 na bhfeithiclí sin go mór ar an bhfíor-sciar den achar a thiomáintear go hiomlán i mód leictreach, rud a bhraithfidh ar na patrúin iarbhír athluchtaithe agus úsáide, agus ar theicneolaíochtaí sonracha feithiclí. Léirítear leis an neamhréireacht mhór a fuarthas le haghaidh na bhfeithiclí sin idir na fíorluachanna agus na luachanna WLTP gur lú i bhfad a dhéantar iad a luchtú agus a thiomáint i mód leictreach ná mar a rabhthas ag súil go n-úsáidfí iad agus nach dtagann na toimhdí a úsáidtear chun toradh tástála WLTP a ríomh leis na fíordhálaí.

([14]) Pavlovic, J., Clairotte, M., Anagnostopoulos, K., Arcidiacono, V., Fontaras, G. and Ciuffo, B., 'Characterisation of real-world CO2 variability and implications for future policy instruments' [Saintréithriú ar inathraitheacht fíorastaíochtaí CO_2 agus impleachtaí d'ionstraimí beartais a bheidh ann amach anseo], EUR 28734 EN, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2017, ISBN 978-92-79-72096-3, doi:10.2760/839690, JRC107796.

([15]) SWD(2017)650 final agus SWD(2021)613 final.

([16]) Chatzipanagi, A., Pavlovic, J., Ktistakis, M., Komnos, D. and Fontaras, G., 'Evolution of European light-duty vehicle CO2 emissions based on recent certification datasets, Transportation Research Part D-Transport and Environment' [Éabhlóid na n-astaíochtaí CO2 ó fheithiclí saothair éadroim Eorpacha bunaithe ar thacair sonraí deimhniúcháin le déanaí, Taighde Iompair Cuid D-Iompar agus an Comhshaol], ISSN 1361-9209, 107, 2022, p. 103287, JRC127295.

Fíor 1: Meán-fhíorastaíochtaí agus astaíochtaí WLTP CO_2 (gluaisteáin)



3.2. Measúnú ar leibhéal an mhonaróra

3.2.1. Sa chumhdach,


Figure 2 tugtar forléargas ar líon na bhfeithiclí a thuairiscítear in aghaidh an mhonaróra sa tacar fíorshonraí, roimh an bpróiseáil agus ina diaidh, agus a mhéid a chumhdaítear leis sin a bhfeithiclí a cláraíodh den chéad uair in 2021.

Léirítear leis sin an inathraitheacht an-suntasach i measc monaróirí. Is féidir é sin a mhíniú leis an méid éagsúil a úsáideadh na roghanna bailithe sonraí a bhí ar fáil, agus nár bhain ach cúpla monaróir úsáid chuimsitheach as tarchur sonraí thar an líonra. Níor bhailigh monaróirí eile ach sonraí ón líon teoranta feithiclí a tugadh isteach lena seirbhísiú nó lena ndeisiú sa chéad bhliain i ndiaidh a gcláraithe. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/392, ceanglófar ar mhonaróirí cúiseanna a thabhairt leis na sonraí feithicle atá in easnamh mar chuid dá dtuairisciú don bhliain dár gcionn.

I ndiaidh na sonraí a phróiseáil, bhí cumhdach an fhlít in 2021 measartha lag sa chéad bhliain tuairiscithe sin, cé is moite de chás Jaguar Land Rover (43 %), Ford Werke GmbH (34 %), Mercedes-Benz AG (27 %), Ford Motor Company (27) agus Volvo (24 %). Thuairiscigh formhór na monaróirí eile sonraí le haghaidh níos lú ná 5 % dá bhfeithiclí a cláraíodh den chéad uair in 2021. I gcás monaróirí áirithe a raibh cumhdach tosaigh ard acu roimh na sonraí a phróiseáil, laghdaíodh líon suntasach feithiclí leis an an scagaire íseal-mhíleáiste. B'amhlaidh sin i gcás Volvo agus Jaguar Land Rover, a raibh an cumhdach tosaigh b'airde acu, ach bhí níos lú ná 500 km tiomáinte ag 70 % agus 31 % dá bhfeithiclí tuairiscithe faoi seach.

Is le líon beag monaróirí a bhaineann an tacar sonraí deiridh, Ford Werke GmbH (22 %) agus Mercedes-Benz AG (21 %) go háirithe. In éineacht le Volkswagen (9 %), Volvo (8 %), Renault (7 %), agus BMW AG (6 %), baineann siad le 73 % den tacar sonraí deiridh do ghluaisteáin. Is éard atá sa tacar sonraí hibrideach inluchtaithe den chuid is mó feithiclí Mercedes-Benz AG (39 %), Volvo (19 %), agus Ford Werke GmbH (16 %).

Fíor 2: Líon na ngluaisteán in aghaidh an mhonaróra, roimh phróiseáil sonraí agus ina diaidh: líon iomlán (ar chlé) agus céatadán de chlárúcháin nua iomlána 2021 an mhonaróra (ar dheis) ([17])



3.2.2. Meánastaíochtaí CO_2, ídiú breosla agus an bhearna sna fíorluachanna

I gcás gach monaróra, ríomhadh na fíorshonraí ar mheánídiú breosla agus astaíochtaí CO_2 chomh maith leis an mbearna i ndáil le meánluachanna WLTP.

Sa roinn seo, ní chuirtear na torthaí i láthair ach amháin i gcás na monaróirí sin a bhfuil os cionn 500 feithicil tuairiscithe acu (i gcás an chineáil gléasra cumhachta/an chineáil breosla lena mbaineann). Soláthraítear sonraí breise sa Doiciméad Inmheánach Oibre.

D'fhéadfadh sé go mbraithfeadh torthaí do mhonaróirí éagsúla ar thosca éagsúla, a mbeidh tuilleadh anailíse ag teastáil ina leith, bunaithe ar thacair sonraí ina dhiaidh sin freisin.

Mar a thaispeántar in *Figure 3*, tá difríocht an mhór sa mheánbhearna fíoridithe do ghluaisteáin peitril ar fud na monaróirí, ag dul ó 10 % go 32 %, le 23,7 % ar an meán.

([17]) I ngach Fíor laistigh de Roinn 3.2, taispeántar monaróirí in ord íslitheach maidir lena líon feithiclí sa tacar sonraí deiridh.

Fíor 3: Meán-fhíorastaíochtaí CO_2 agus ídiú breosla (ar chlé) agus an bhearna (ar dheis) in aghaidh an mhonaróra (gluaisteáin pheitril)






Figure 4 léirítear le , i gcás gluaisteáin díosail, go bhfuil níos lú éagsúlachta i gceist ar fud na monaróirí sa bhearna fíoríthe, a théann ó 15 % go 27 %, agus 18,1 % ar an meán.

Fíor 4: Meán-fhíorastaíochtaí CO_2 agus ídiú breosla (ar chlé) agus an bhearna (ar dheis) in aghaidh an mhonaróra (gluaisteáin pheitril)



I gcás feithiclí hibrideacha inluchtaithe peitril, mar a thaispeántar i *Figure 5*, tá an mheánbhearna in aghaidh an mhonaróra idir 170 % agus 345 %, agus 238 % ar an meán.

Fíor 5: Meán-fhíorastaíochtaí CO_2 agus ídiú breosla (ar chlé) agus an bhearna (ar dheis) in aghaidh an mhonaróra (gluaisteáin hibrideacha inluchtaithe peitril)



4. MEASÚNÚ A DHÉANAMH AR ÚSÁID NA BHFÍORSHONRAÍ AMACH ANSEO

Is éard atá sa chuid seo den tuarascáil measúnú an Choimisiúin faoi Airteagal 12(3) de Rialachán (AE) 2019/631 an dóigh a bhféadfar na fíorshonraí a úsáid lena áirithiú go mbeidh astaíochtaí WLTP CO_2 agus luachanna ídithe breosla nó fuinnimh fós ionadaíoch ó thaobh na fíorfheidhmíochta de le himeacht ama do gach monaróir.

Ag an gcéim seo, ba cheart na húsáidí breise seo a leanas as na fíorshonraí a chur san áireamh.

4.1. A áirithiú go mbeidh luachanna WLTP ionadaíoch ó thaobh fíorastaíochtaí i gcónaí

Is é is príomhchuspóir don fhaireachán ar na fíorshonraí éabhlóid na bearna fíorluachanna a rianú lena áirithiú go mbeidh luachanna astaíochtaí WLTP CO_2 ionadaíoch ó thaobh fíorastaíochtaí feithiclí de le himeacht ama i gcónaí. Má thagann méadú ar an mbearna le himeacht ama, ba cheart an treocht sin a shainaithint a luaithe is féidir agus ba cheart bearta a dhéanamh lena áirithiú go ndéanfar an neamhréireacht atá ag fás a shocrú nó go dtabharfar cuntas leordhóthanach uirthi. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh, mar shampla, trí WLTP a choigeartú, sonraí faireacháin WLTP a cheartú, nó spriocanna a leagan síos bunaithe ar fhíorastaíochtaí.

Tá sé ró-luath ag an bpointe seo, áfach, treochtaí i méid na bearna a shainaithint toisc nach bhfuil sonraí ar fáil ach ar feadh bliana amháin. Le haghaidh na mblianta ina dhiaidh sin, is gá cumhdach níos fearr agus níos ionadaíche ar an bhflít feithiclí a fháil chun na fíorshonraí a rianú agus anailís leormhaith a dhéanamh ar an mbearna sin le himeacht ama.

4.2. Athbhreithniú ar an bhfachtóir fóntais le haghaidh feithiclí hibrideacha inluchtaithe

Deimhnítear leis an anailís ar na fíorshonraí go bhfuil an fhíorbhearna le haghaidh feithiclí hibidreacha inluchtaithe i bhfad níos airde ná mar atá le haghaidh gnáthfheithiclí. Cúis mhór le neamhréireacht den sórt sin is ea an neamhréir idir an fachtóir fóntais a úsáidtear le linn cineálcheadaithe agus na patrúin luchtaithe agus tiomána feithicle iarbhír.

Chun dul i ngleic leis sin, tá athruithe tugtha isteach cheana féin le Rialachán (AE) 2023/443 ón gCoimisiún ar ríomh na fachtóra fóntais chun é a thabhairt níos gaire d'fhíordhálaí. Beidh feidhm ag na hathruithe sin in dhá chéim as a chéile, ó 2025 agus 2027 ar aghaidh. Ina theannta sin, faoi dheireadh 2024 agus bunaithe ar na fíorshonraí a bailíodh faoin am sin, déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an bhfachtóir don dara céim.

4.3. Úsáid a bhaint as fíorshonraí chun tacú le fíorú inseirbhíse astaíochtaí CO_2

A mhéid a bhaineann le fíorú inseirbhíse, moltar in Airteagal 13(2) de Rialachán (AE) 2019/631 úsáid a bhaint as na sonraí ó fheistí OBFCM. Glacadh Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/2867 lena leagtar amach na prionsabail threoracha maidir leis an bhfíorú inseirbhíse astaíochtaí CO_2 sin agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2866 lena sonraítear na nósanna imeachta fíorúcháin le déanaí. Leagtar amach iontu sin gur féidir fíorshonraí a úsáid mar chuid den mheasúnú riosca chun tacú le sainaithint na n-aicmí feithiclí is mó is ciallmhaire é a n-astaíochtaí WLTP CO_2 a fhíorú.

5. CONCLÚIDÍ

Tá ionadaíochas luachanna astaíochtaí CO_2 ó fheithiclí ríthábhachtach do shláine chomhshaoil, trédhearcacht, iontaofacht an chórais faireacháin, agus dá bhrí sin do mhuinín na dtomhaltóirí freisin.

Leis an gcéad tuarascáil seo, ina ndírítear ar shonraí le haghaidh feithiclí a cláraíodh den chéad uair in 2021, cuirtear tús le próiseas faireacháin agus tuairiscithe ar chur chun feidhme fíorastaíochtaí CO_2. Sa chéad bhliain, bailíodh fíorshonraí ó 988,124 fheithicil, méid a chumhdaíonn 10,6 % de ghluaisteáin agus 1,0 % de veain a cláraíodh den chéad uair in 2021. I ndiaidh sonraí a phróiseáil, rinneadh anailís ar thacar sonraí deiridh ina raibh 617,194 gluaisteán (67 % de na gluaisteáin a tuairiscíodh) agus 6,676 veain (54 % de na gluaisteáin a tuairiscíodh).

Tá roinnt teorainneacha i gceist leis na sonraí a bailíodh sa chéad bhliain seo ó thaobh cumhdaigh, ionadaíochais agus cáilíochta de. De réir sainmhínithe, bhí feithiclí a tuairiscíodh sa chéad bhliain ar an mbóthar ar feadh níos lú ná bliain amháin. Ar an dóigh sin, ach amháin i gcás monaróirí a bhaineann úsáid fhorleathan as tarchur thar an líonra, níor bailíodh sonraí ach ón líon teoranta feithiclí a tugadh isteach lena seirbhísiú nó lena ndeisiú. Maidir le gluaisteáin, cumhdaítear leis an tacar sonraí deiridh 7,2 % de na gluaisteáin nua a cláraíodh den chéad uair san Aontas in 2021, ach is feithiclí ó cheithre mhonaróir amháin a bhí i gceist leo den chuid is mó. Tá sciar réasúnta níos airde d'fheithiclí níos troime agus díosail ann freisin. Maidir le veaineanna, tuairiscíodh fíorshonraí an-teoranta in 2021, toisc nach raibh de cheangal ar a bhformhór ach sonraí den sórt sin a thaifeadadh amhail 2022. Dá bhrí sin, ní raibh aon anailís ionadaíoch le haghaidh veaineanna indéanta i mbliana.

Ar an iomlán, i gcás fhormhór na monaróirí, bhí cumhdach an fhlít faoi bhun na n-ionchas agus ba cheart bearta breise a dhéanamh chun feabhas suntasach a chur air sin sna blianta amach romhainn, maidir le gluaisteáin agus veaineanna araon. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2021/392, ceanglófar ar mhonaróirí cúiseanna bailí a thabhairt leis haon sonraí feithicle a bheidh in easnamh mar chuid dá dtuairisciú don bhliain dár gcionn.

Ba é 23,7 % (34.6 g CO_2 /km) an meánbhearna a breathnaíodh idir fíorastaíochtaí agus astaíochtaí WLTP CO_2 agus ídiú breosla gluaisteán nua a cláraíodh in 2021 maidir le gluaisteáin pheitril agus 18,1 % (27,8 g CO_2/km) maidir le gluaisteáin díosail. Deimhnítear leis sin, mar gheall ar an athrú ó NEDC go WLTP chun luachanna oifigiúla astaíochtaí CO_2 agus ídithe breosla a chinneadh, go ndearnadh an fhíorbhearna le haghaidh gnáthfheithiclí a laghdú faoina leath, a bheag nó a mhór. Maidir leis an mbliain 2021, tá an bhearna a breathnaíodh comhoiriúnach leis na toimhdí maidir leis an mbearna in 2021 a rinneadh sna Measúnuithe Tionchair atá ina mbonn faoin athbhreithniú ar chaighdeáin CO_2 .

Mar sin féin, tá na fíorshonraí ar ídiú breosla a bhaineann le tiománaithe fós thart ar chúigiú níos airde ná an méid a léirítear sna na doiciméid oifigiúla um chineálcheadú, agus tá sé tábhachtach go gcuirfear an pobal ar an eolas faoi sin.

Is cosúil go bhfuil an bhearna sin an-leathan i gcás feithiclí níos troime, amhail SUVanna agus feithiclí sóchais, a bhfuil a gcuid astaíochtaí i bhfad níos airde ná gluaisteáin eile cheana féin. D'fhéadfadh an bhearna is mó sin tionchair na dtreochtaí flít a breathnaíodh i gcoitinne a dhéanamh níos measa, i gcás ina bhfuil meánmhéideanna agus meánmheáchain feithiclí ag méadú, rud a laghdódh éifeachtaí na bhfeabhsuithe éifeachtúlachta breosla. Ní mór dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an nasc idir an bhearna agus mais na feithicle sna blianta atá le teacht.

Maidir le feithiclí hibrideacha inluchtaithe nua a cláraíodh in 2021, bhí na fíorastaíochtaí CO_2 3,5 uaire (100 g CO_2/km) ar an meán níos airde ná na cinn WLTP, rud a dheimhníonn nach bhfuil a n-acmhainneacht á baint amach ag na feithiclí sin faoi láthair, go háirithe toisc nach bhfuil siad á luchtú agus á dtiomáint go lánleictreach chomh minic agus a bhí measta. Chun léiriú níos fearr a thabhairt ar an bhfíorstaid, tá athruithe tugtha isteach cheana féin ag an gCoimisiún ar ríomh an fhachtóra fóntais a úsáidtear don nós imeachta tástála oifigiúil, a mbeidh feidhm aige ó 2025, agus d'fhéadfadh sé gur gá é a choigeartú tuilleadh bunaithe ar fhíorshonraí.

Cé nach bhfuil na chéad sonraí sin leathan ná ionadaíoch go leor go fóill chun teacht ar chonclúidí láidre, soláthraítear leo réamhléargas luachmhar maidir le hastaíochtaí gluaisteán, maidir leis gcomparáid idir na hastaíochtaí oifigiúla agus na fíorastaíochtaí CO_2 ar fud na gcineálacha feithiclí agus na monaróirí feithiclí.